View in browser

23 Meán Fómhair 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 67







## AINMNIÚCHÁN 'OSCAR' FAIGHTE AG FOSCADH

Tá an scannán FOSCADH ainmnithe le cur san áireamh don liosta fada le haghaidh gradam *'Oscar'*. Seán Breathnach ó Cheantar na nOileán a scríobh an script agus a stiúraigh an scannán. Scéal é seo atá bunaithe ar an úrscéal *The Thing about December* le Dónal Ryan. Sa gcatagóir don *'Best Foreign Film'* a ainmníodh é mar nach i mBéarla atá an scannán. Beidh sé san iomaíocht le scoth na scannán ó thíortha ar fud an domhain. Tugadh an-mholadh do Mháire Ní Mháille de chuid Aisteoirí Chois Fharraige as an léiriú breá a rinne sí ar aintín Dhónaill sa scannán. Seo é an dara uair do Dhónall Ó Héalaí a bheith i scannán a ainmníodh le haghaidh *'Oscar'*. Ainmníodh an scannán ARRACHT roimhe seo. Beidh deis ag an bpobal ARRACHT a fheiceáil le linn Féile Chois Fharraige ar an Déardaoin, 18 Samhain.




## OÍCHE CHULTÚIR 2021

D'fhoilsigh OPTanna Chois Fharraige **Ó Ghlúin go Glúin** le gairid le ceiliúradh a dhéanamh ar Oíche Chultúir 2021. Taispeántas fíorúil ar a suíomh Facebook a bhí ann. Bhí muintir Mhic an Iomaire as ceantar Ros a' Mhíl, muintir Uí Mhaoileoin as Cor na Rón agus Muinitr Uí Fhatharta as na hAille ag caint, ag ceol 's ag comhrá faoi na healaíona ag gluaiseacht ó ghlúin go glúin. Is féidir breathnú ar an bhfíseán anseo.


## DAOINE DEONACHA AG TEASTÁIL

Tá **Fighting Words** sa tóir ar dhaoine deonacha le cúnamh a thabhairt dóibh a gcuid ceardlanna spreagúla a reáchtáil. Tugann na ceardlanna seo cúnamh agus tacaíocht do dhaoine óga a gcuid scileanna cruthaitheacha a chleachtadh agus a fhorbairt agus scéalta spleodracha a scríobh. Má tá suim agatsa ann, is féidir clárú anseo. Tá neart solúbthachta i gceist agus reáchtáilfear ceardlanna ar líne chomh maith le ceardlanna a bheith beo ar an láthair in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh i Ros Muc.

## AN BUGAÍ BEOGA

Tá **An Bugaí Beoga** á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta. Tagann an grúpa le chéile ar an bprom sa Spidéal ar an Máirt @ 11:30r.n. Seisiún aclaíochta atá ann do dhaoine fásta gur féidir é a dhéanamh i gcomhluadar páistí. Níl aon chostas i gceist ach ní mór clárú roimh ré. Is féidir clárú le aisling@tuismitheoiri.ie




## CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Tar éis bliain go leith a chaitheamh ar *Zoom* beidh Club Leabhar Chois Fharraige ag teacht le chéile ar an gCéadaoin 20 Deireadh Fómhair ag a 8 i.n sa gCrúiscín Lán sa Spidéal le plé a dhéanamh ar MADAME LAZARE úrscéal nua-fhoilsithe le Tadhg Mac Dhonnagáin ó Bhaile an Domhnalláin sa Spidéal. Tá duais Oireachtais buaite ag an saothar seo agus go leor léirmheasanna moltacha faighte aige. Tá an leabhar le ceannach ó na foilsitheoirí FUTA FATA, ón siopa atá ag an Spailpín Fánach agus ó shiopa leabhar Charlie Byrne i nGaillimh. Is féidir teacht air anseo chomh maith.

## FÓGRAÍ POIST CHOIS FHARRAIGE

Tá post mar Bhainisteoir Cúnta Faoi Oiliúint á thairiscint ag Comharchumann Sailearna. Duine cruthaitheach tionscantach atá ag teastáil le dul ag obair in oifig an Chomharchumainn i Seanscoil Sailearna. Tá tuilleadh eolais faoin bpost le fáil ón suíomh idirlín nó trí ríomhphost a sheoladh chuig sailearna@gmail.com. Ní mór litir iarratais chomh maith le CV a sheoladh chuig Peigí Uí Chéidigh, Bainisteoir Chomharchumann Sailearna, Na hAille, Indreabhán le cur isteach ar an bpost.

Chomh maith le sin, tá postanna á fhógairt ag Cambus Medical, sa Spidéal i láthair na huaire. Tá an eagraíocht sa tóir ar Innealtóir Feabhsú Leanúnach, chomh maith le Bainisteoir Feabhsú Leanúnach, Oibrí Táirgthe, Ceannaire Grúpa Táirgthe agus níos mó. Is féidir sonraí agus eolas breise faoi na deiseanna seo a fháil anseo.

## SPAISTEOIREACHT I NGAILLIMH

Chuaigh daltaí ón Idirbhliain i gColáiste Chroí Mhuire ar thuras stairiúil go cathair na Gaillimhe le gairid. Chuaigh an 25 dalta ar an gCorrib Princess agus rinne siad siúlóid stairiúil timpeall ar shráideanna na Gaillimhe. Bhí oidhreacht, cultúr agus scéalta na háite ina chúis mhóir suime dóibh agus iad ag filleadh ar ais ar scoil! Agus ar ndóigh ba dheas an rud é éalú ón scoil ar feadh píosa!

Réitithe ag Daltaí na hIdirbhliana- 4B








## SPÓIRT CHOIS FHARRAIGE

Bhí lá mór ag iománaithe óga F12 Chumann Mhícheál Breathnach le gairid nuair a d'éirigh le dhá fhoireann F12 Craobh an Chontae i ndá ghrád éagsúla a bhuachan. Chuaigh an chéad fhoireann chun páirce in aghaidh Rathún/An Caisleán Nua i nGrúpa 3. Théis sárchoimhlint agus taispeántas ardscileanna ón dá fhoireann, bhí an lámh in uachtar ag iománaithe na mBreathnach nuair a séideadh an fheadóg 2-6 in aghaidh 5-3 an scór deiridh a bhí ann. Ar Pháirc an Chnoic a imríodh an cluiche idir na Breathnaigh agus Cillín a Díoma/Liatroim i gCluiche Ceannais den SciathChomórtas i nGrúpa 6. Cluiche den scoth a bhí ann ach 'siad gaiscígh óga na mBreathnach a chroch leo an chreach le bua aon chúilín amháin 2-5 in aghaidh 2-4. Curiarracht nua d'iománaithe óga Chumann Mhícheál Breathnach. Treise leo.

Tá dhá cluiche tábhachtacha iománaíochta le n-imirt an deireadh seachtaine ag dá chlub iománaíochta as Cois Fharraige. Beidh Bearna-Na Forbacha ag imirt as baile in aghaidh Bhóthar na Trá-Cnoc na Cathrach agus ar Pháirc an Chnoic a bheas iománaithe Mhicheál Breathnach ag imirt in aghaidh Bhéal Átha Ghártha. Guíonn muid chuile rath ar na foirne. Cuirfear tús leis na cluichí

@ 4 i.n. ar an Domhnach 26ú.




## PACÁISTE EOLAIS DO THUISMITHEOIRÍ

Tá pacáiste eolais réitithe ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige dírithe ar thuismitheoirí an cheantair. Tá go leor eolais ann maidir leis na tacaíochtaí atá á dtairiscint ag an bhFóram do thuismitheoirí agus acmhainní iontacha atá ar fáil le tacú leis an nGaeilge sa teaghlach mar aon le nodanna len í a neartú i suíomh an teaghlaigh freisin. Is féidir pacáiste a fháil ach teagmháil a dhéanamh
le

## COMÓRTAS AMHRÁN ÚR

Tá Comórtas Amhrán Úr fógartha ag an Oireachtas. Tá saoirse iomlán ag na hiarrthóirí ó thaobh seánra, stíle agus téama de. Caithfidh an t-amhrán a bheith úrnua agus go hiomlán i nGaeilge. Scrúdóidh na moltóirí na liricí, oiriúnacht an cheoil chomh maith le cur i láthair an amhráin. Ní mór d'iontráil a sheoladh ar aghaidh roimh an 15ú Deireadh Fómhair agus beidh an craobhchomórtas ar siúl ar an 29 Deireadh Fómhair le linn Oireachtas na Samhna 2021 i mBaile Átha Cliath. Tá dhá chatagóir sa gcomórtas, catagóir don amhránaí aonair le duais de €1,000 agus catagóir do ghrúpa ceoil le duais de €1,500. Is féidir rialacha agus coinníollacha eile a léamh, chomh maith le foirm iarratais a líonadh anseo. Go n-éirí libh, a chairde!

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta